17 And the seventh angel poured out his vial into the air; and there came a great voice out of the temple of heaven, from the throne, saying, It is done.
18 And there were voices, and thunders, and lightnings; and there was a great earthquake, such as was not since men were upon the earth, so mighty an earthquake, *and* so great.
19 And the great city was divided into three parts, and the cities of the nations fell: and great Babylon came in remembrance before God, to give unto her the cup of the wine of the fierceness of his wrath.
20 And every island fled away, and the mountains were not found.
21 And there fell upon men a great hail out of heaven, *every stone* about the weight of a talent: and men blasphemed God because of the plague of the hail; for the plague thereof was exceeding great.

Caibidil 17

Bhreitheamhus na sdriopuighe móire, noch tharraing tiortha oile go úmhla a hiomhuighe greanta, la na saidhbhrios, neirt, agus foghluim.

1 Agus táinic aingeal do na seachd nainglibh agá rabhadar na seachd soithighe, agus do labháir sé riom, ag rádh riom, Gabh a leith; taisbéuna mé dhuit dámnughadh na méirrdrigh móire atá na suidhe ár uisgedhibh iomdha:
2 Ré a ndearnadar ríghthe na talmhan sdríopachas, agus agá bhfuilid áitreabhuidh na talmhan ar misge o fhion a sdriopachais.
3 Agus rug sé ris mé fán bhfásach trés an spioruid: agus do chonnairc mé bean na suidhe ar ainmhidhe air dháth na sgárrlaóide, lán danmannuibh blaísphéimighe, ar a rabhadar seachd gcinn agus deich nadhárca.
4 Agus an bhean ar na héudúghadh do phúrpair agus do sgárrlaóid, agus ar na hóradh ré hór agus ré clochuibh morluáidh agus ré péurluighidh, *agus* do bhí cupán órrgha aice na láimh lán do ghráineamhlachd agus do neamhghloine a sdríopachais.
5 Agus ainm sgríobhtha aglár a héudúin, RUINDIAMHAIR, AN BHABILON MHOR, MATHAIR SDRIOPACHAIS AGUS GHRAINEAMHLACHDA NA TALMHAN.
6 Agus do chonnairc mé an bhean sín air misge dfuil na náomh, agus dfuil mhairtíreach Iósa: agus ar na faicsin damh, do ghabh iongnadh romhór mé.
7 Agus a dúbhairt an taingeal riom, Créd fá ngabhann iongadh thú? foillséochadsa dhuit rúindíamhair na mná, agus a nainmhidhe iomchras í, ar a bhfuil seachd gcinn, agus deich nadharca.
8 An tainmhidhe do chonnairc tú do bhí sé ann, agus ní bhfuil; agus eiréochuidh sé a níos as an bpoll dubhaigéin, agus do gheubhuidh a sgrios: agus budh hiongnadh ris an luchd áitreabhas an talamh, (ag nach bhfuil a nanmanna sgríobhtha a leabhar na beatha o thus an domhain,) an tan do chífid an tainmhidhe do bhí ann, agus nach bfhuil, agus fós atá.
9 Ann so atá ninntinn aga bhfuil éagna. Na seachd gcinn úd, is seachd gcnuic íad, ar a bhfuil an bhean na suidhe.
10 As seachd ríghthe íad mar an gcéudna: do thuiteadar cúigfhear *dhíobh*, agus mairidh áon, *agus* atá *áon* eile gan teachd fós; agus an

Chapter 17

1 And there came one of the seven angels which had the seven vials, and talked with me, saying unto me, Come hither; I will shew unto thee the judgment of the great whore that sitteth upon many waters:

2 With whom the kings of the earth have committed fornication, and the inhabitants of the earth have been made drunk with the wine of her fornication.
3 So he carried me away in the spirit into the wilderness: and I saw a woman sit upon a scarlet coloured beast, full of names of blasphemy, having seven heads and ten horns.
4 And the woman was arrayed in purple and scarlet colour, and decked with gold and precious stones and pearls, having a golden cup in her hand full of abominations and filthiness of her fornication:

5 And upon her forehead *was* a name written, MYSTERY, BABYLON THE GREAT, THE MOTHER OF HARLOTS AND ABOMINATIONS OF THE EARTH.
6 And I saw the woman drunken with the blood of the saints, and with the blood of the martyrs of Jesus: and when I saw her, I wondered with great admiration.
7 And the angel said unto me, Wherefore didst thou marvel? I will tell thee the mystery of the woman, and of the beast that carrieth her, which hath the seven heads and ten horns.

8 The beast that thou sawest was, and is not; and shall ascend out of the bottomless pit, and go into perdition: and they that dwell on the earth shall wonder, whose names were not written in the book of life from the foundation of the world, when they behold the beast that was, and is not, and yet is.

9 And here *is* the mind which hath wisdom. The seven heads are seven mountains, on which the woman sitteth.

10 And there are seven kings: five are fallen, and one is, *and* the other is not yet come; and when he cometh, he must continue a short space.

tan thiucfus se, as goirid chaithfeas sé fuireach.
11 Agus an tainmhidhe do bhí ann, agus nach bhfuil, a sé fós an tochdmhadh é, agus as don mhóirsheisear é, agus do gheubhuidh a sgrios.
12 Agus na deich nadhárca do chonnairc tu as deich ríghthe íad, nar ghabh ríoghachd chuca fós, achd gheabhus cúmhachda chuca mar ríoghuibh a náonúair ris a nainmhídhe.
13 Atáid so dhéunchómhairle, agus do bhéuruid a neart agus a gcúmhachda dón nainmhídhe.
14 Cómhruicfid an dreamsa ris a Núan, agus béuruidh an Túan buáidh orrtha: óir a sé Tíghearna na dtíghearnadh é, agus Rí na ríghtheadh: agus an luchd atá dhá tháobh *atáid síad* ar na ngairm, agus ar na dtógha, agus ionnruic.
15 Agus a dubhairt sé ríom, Na huisgeadha do chonnairc tú, sa nionad na bhfuil an mheírrdreach na suidhe, as puibleacha, agus coimhthionóil, agus cíneadhacha, agus teangtha iad.
16 Agus na deich nadhárca do chonnairc tú air a nainmhídhe, biáidh fúath aca don mheirrdrigh, agus fúigfid fásuighe nochduighe í, agus íosuid a feóil, agus loisgfid re teine í.
17 Oír do chuir Día na gcroidhthibh a thoil féin do dhéunamh, agus íad féin do bheith déuntoil, agus a ríoghachd do thabhairt don nainmhídhe, go coimhlionfuighthear bríathra Dé.
18 Agus an bhean do chonnairc tú a sí an chathair mhór í, agá bhfuil ríoghachd ós ríoghuibh na talmhan.

11 And the beast that was, and is not, even he is the eighth, and is of the seven, and goeth into perdition.
12 And the ten horns which thou sawest are ten kings, which have received no kingdom as yet; but receive power as kings one hour with the beast.
13 These have one mind, and shall give their power and strength unto the beast.
14 These shall make war with the Lamb, and the Lamb shall overcome them: for he is Lord of lords, and King of kings: and they that are with him *are* called, and chosen, and faithful.
15 And he saith unto me, The waters which thou sawest, where the whore sitteth, are peoples, and multitudes, and nations, and tongues.
16 And the ten horns which thou sawest upon the beast, these shall hate the whore, and shall make her desolate and naked, and shall eat her flesh, and burn her with fire.
17 For God hath put in their hearts to fulfil his will, and to agree, and give their kingdom unto the beast, until the words of God shall be fulfilled.
18 And the woman which thou sawest is that great city, which reigneth over the kings of the earth.

Caibidil 18

Aóibhneas na náomh iom thuitim Bhabiloin íodhaladhrach, fhúar chraibhtheach.

1 Agus a ndiáigh na neitheannsa, do chonnairc mé aingeal ag teachd a núas ó neamh, agá raibh cúmhachda móra; agus do dheallruidh an talamh ré na ghlóir.
2 Agus do éigh sé go láidir go ghúth árd, ag radh, Do thuit, do thuit an Bhabilóin mhór, agus do rinneadh áit comhnuighe deamhan di, agus ionadh congmhála gach spioruide neamhghlóine, agus áit cúmhduigh gach éinfhúathmhair neamhghloin.
3 Oír do íbheadar na huile cineadhacha dfíon fheirge a sdríopachuis, agus do rinneadar ríghthe na talmhán sdríopachas ría, agus atáid ceannuighthe na talmhan ar na ndéunamh saídhbhir ré hiomad a sáimhe.

Chapter 18

1 And after these things I saw another angel come down from heaven, having great power; and the earth was lightened with his glory.
2 And he cried mightily with a strong voice, saying, Babylon the great is fallen, is fallen, and is become the habitation of devils, and the hold of every foul spirit, and a cage of every unclean and hateful bird.
3 For all nations have drunk of the wine of the wrath of her fornication, and the kings of the earth have committed fornication with her, and the merchants of the earth are waxed rich through the abundance of her delicacies.

4 Agus do chúala mé gúth eile ó neamh ag rádh, Tigidh amach aisde, mo phobalsa, deagla bheith díbh pártach ré na peacaidhibh, agus pairt dfagháil díbh dhá plághuibh.
5 Oír do leanadar a peacthuigh a cheile go neamh, agus do choimhnigh Día air a drochbheartuibh.
6 Tuguidh dhi do réir mar thug sise dhíbhse, agus tuguidh dhi go dúbalta do réir a gníomhartha: líonuidh dhi go dúbalta an cupán do líon sise dhíbhse.
7 Ionann agus do árduigh sí í féin a nglóir agus a naóibhneas, tuguidh dhi sa méid chéudna peannuid agus doilgheas: óir a deir sí na cróidhe, Atáim um shuidhe a nionad bainnrioghna, agus ní bainntreabhach mé, agus ní fhaicfe mé doilgheas.
8 Uime sin a náon lá amháin tiucfuid a plágha, bás, agus doilgheas, agus gorta; agus loisgfighthear í ré téine: óir *is* neartmhar an Tíghearna Día bhéuras breath dhamnuighe uirrthe.
9 Agus béid ríghthe na talmhan, ag gul agus ag caói ar a son, noch do chaith a mbeatha a nadhaltrannas agus a sáimhe maille ría, an tan chifid deatach na teineadh ré loisgfighthear í,
10 Agus seasfuid siad a bhfad uáithe ré faitcheas a peannuide, ag rádh, As trúagh, trúagh an chathair mhór Babilón, an chathair thréun! óir a náonuáir amháin tháinic do bhreitheamhnus.
11 Agus béid ceannuighthe na talmhan ag gul agus ag caói ós a cionn; do bhrígh nach cceannchan éunduine a nearradha ní sa mhó:
12 A nearradha óir, agus airgid, agus chloch mbúadha, agus pheurluidheadh, agus línéuduigh cáol, agus phurpair, agus síoda, agus sgárlaóide, agus gach gné adhmuid thine, agus gach gné shoithidh *níthear* dfiaclaibh elephaint, agus gach gné shoithidh *níthear* dadhmad mhórluáidh, agus do phrás, agus díarann, agus do mharmar,
13 Agus cainéul, agus neithe deaghbhaluidh, agus oinnemeint, agus túis, agus fíon, agus ola, agus plúr míngheal, agus cruithneachd, agus ainmhinntighe, agus caóiridh, agus éich, agus carbuid, agus searbhfhoghantuighidh, agus anmanna daóineadh.
14 (Agus do imthigheadar na tórtha ann a raibh fonn ag thanam uáid, agus do imthigheadar na huile neithe méithe maiseacha uáid, agus ní bhéid síad ar fágháil féasda agud.

4 And I heard another voice from heaven, saying, Come out of her, my people, that ye be not partakers of her sins, and that ye receive not of her plagues.
5 For her sins have reached unto heaven, and God hath remembered her iniquities.

6 Reward her even as she rewarded you, and double unto her double according to her works: in the cup which she hath filled fill to her double.
7 How much she hath glorified herself, and lived deliciously, so much torment and sorrow give her: for she saith in her heart, I sit a queen, and am no widow, and shall see no sorrow.

8 Therefore shall her plagues come in one day, death, and mourning, and famine; and she shall be utterly burned with fire: for strong *is* the Lord God who judgeth her.

9 And the kings of the earth, who have committed fornication and lived deliciously with her, shall bewail her, and lament for her, when they shall see the smoke of her burning,
10 Standing afar off for the fear of her torment, saying, Alas, alas, that great city Babylon, that mighty city! for in one hour is thy judgment come.

11 And the merchants of the earth shall weep and mourn over her; for no man buyeth their merchandise any more:
12 The merchandise of gold, and silver, and precious stones, and of pearls, and fine linen, and purple, and silk, and scarlet, and all thyine wood, and all manner vessels of ivory, and all manner vessels of most precious wood, and of brass, and iron, and marble,

13 And cinnamon, and odours, and ointments, and frankincense, and wine, and oil, and fine flour, and wheat, and beasts, and sheep, and horses, and chariots, and slaves, and souls of men.

14 And the fruits that thy soul lusted after are departed from thee, and all things which were dainty and goodly are departed from thee, and thou shalt find them no more at all.

15 Seasfuid ceannuighthe na neitheannsa do rínneadh saidhbhir ría, a bhfad uáithe ar eagla a peannuide, ag gul agus ag cáoi,
16 Agus ag rádh, As trúagh, trúagh an chathair mhór, do bhí ar na héudughadh do linéudach caól, agus do phurpaír, agus do sgárlaóid, agus do bhí ar na hóradh ré hór, agus ré clochuibh búadha, agus ré péurluighibh!
17 Cionnas do cuireadh fá neamhní chomhmór sin do shaidhbhrios ré headh éunuáire. Agus seasfuidh gách maighisdir luinge, agus gach duine shéolas a longuibh, agus na máirnéuluigh, agus an mhéid do gheibh sochar na fairrge, a bhfad uáithe,
18 Agus béid ag éighmhe an tan chífid deatach na teineadh ré a loisgfightear í, ag rádh, Cía *an chathair bá* cosmhail ris an gcathair mhóirse!
19 Agus teilgfid luáithreadh ar a gceannuibh, agus béid ag éighmhe, ag gul agus ag caói, ag rádh, As trúagh, trúagh an chathair mhór, ré ndearnadh saidhbhir an mhéid agá rabhadar longa ar fairrge do bhrígh a saidhbhriosa sin! óir do fasuigheadh í a néunuáir.
20 O a fhlaitheamhnuis, bíodh gairdearchas ort dá táobh, agus *oruibhse* a apsdala agus a fháidhe náomhtha; óir do riune Día dioghaltus uirrthe ar bhur sonsa.
21 Agus do thóg aingeal néartmhar áirighe cloch suás mar chloich mhóir mhuilinn, agus do theilg *í* sa bhfairrge, ag rádh, Is mar so teilgfidhthear an Bhabilón an chathair mhór síos ré foirrneart, agus ní bhiáidh air fagháil ní sa mhó.
22 Agus ní cluinfighthear ionnad ní sa mhó fuáim chláirséoradh, ná luchd ciúil, ná phíobaireadh, ná thrompóireadh; agus ní bhiáidh éinfhear ceirde déincheird air bith air fagháil ionnad ní sa mhó, agus ní cluinfighthear ionnad ní sa mhó fuáim chloichthe muilinn;
23 Agus ní shoillséochuigh solas coinnle ní sa mhó ionnad; agus ní cluinfighthear gúth fir ná mná nuádhphósda ní sa mhó ionnad: óir bá híad do cheannuighthe daóine móra na talmhan; agus is réd phiséoguibh do mealladh na huile chineadhacha.
24 Agus is innte fríth fuil na bhfaidheadh, agus na náomh, agus na nuile *dhaóineadh* do marbhadh ar an dtalamh.

15 The merchants of these things, which were made rich by her, shall stand afar off for the fear of her torment, weeping and wailing,
16 And saying, Alas, alas, that great city, that was clothed in fine linen, and purple, and scarlet, and decked with gold, and precious stones, and pearls!

17 For in one hour so great riches is come to nought. And every shipmaster, and all the company in ships, and sailors, and as many as trade by sea, stood afar off,

18 And cried when they saw the smoke of her burning, saying, What *city is* like unto this great city!

19 And they cast dust on their heads, and cried, weeping and wailing, saying, Alas, alas, that great city, wherein were made rich all that had ships in the sea by reason of her costliness! for in one hour is she made desolate.
20 Rejoice over her, *thou* heaven, and *ye* holy apostles and prophets; for God hath avenged you on her.

21 And a mighty angel took up a stone like a great millstone, and cast *it* into the sea, saying, Thus with violence shall that great city Babylon be thrown down, and shall be found no more at all.

22 And the voice of harpers, and musicians, and of pipers, and trumpeters, shall be heard no more at all in thee; and no craftsman, of whatsoever craft *he be*, shall be found any more in thee; and the sound of a millstone shall be heard no more at all in thee;

23 And the light of a candle shall shine no more at all in thee; and the voice of the bridegroom and of the bride shall be heard no more at all in thee: for thy merchants were the great men of the earth; for by thy sorceries were all nations deceived.
24 And in her was found the blood of prophets, and of saints, and of all that were slain upon the earth.

Caibidil 19

Caithreim ainglidhe arson cheirte Dé, a ndíoghla fola a náomh ar a luchd sáruigthe.

Chapter 19

1 Agus a ndiáigh na neítheannsa dó chúala mé gúth árd buidhne móire ar neamh, ag rádh, Alleluía; Slánughadh, agus glóir, agus onóir, agus cúmhachda, don Tíghearna ar Ndíane:
2 Oír is fírinneach cómhthrom a bhreathasan: óir do dhamnuigh sé an meirrdreach mhór, do thruáill an talamh ré na sdríopachas, agus do dhíoghail se fuil a shearbhfhoghantuigheadh *do dóirteadh* ar á láimh.
3 Agus a dubhradar an dara huáir, Alleluía. Agus do éiridh a deatach súas go sáoghal na sáoghal.
4 Agus do léigeadar an cearthar ar fhichíd seanóir, agus na ceithre beathuigh íad féin síos agus tugadar onóir do Dhía do bhí na shuídhe sa gcathaóir, ag radh, Amén; Alleluía.
5 Agus táinic gúth amách ón gcathaóir, ag rádh, Moluidh ar Ndía, a uile shearbhfhoghantuigheadha, agus a luchd air a bhfuil a fhaitcheas, eidir bheag agus mhór.
6 Agus do chúala mé amhuil gúth budhne móire, agus amhuil fuáim uisgeadh iomdha, agus amhuil fúaim tóirrnidh aintréin, ag rádh, Alleluía: óir a sé an Tíghearna Día uilechúmhachdach as Rí ann.
7 Bíodh gáirdeachas agus lúathgháir oruinne, agus tugam glóir dhósan: óir táinic pósadh a Nuáin, agus do ullmhuigh a bhean í féin.
8 Agus tugadh dhi í féin do éudughadh do línéudach toghtha, glan deallruigheach: óir a sé is línéudach toghtha ann fíréuntachd na náomh.
9 A dubhairt sé riom an tan sin, Scríobh, Is beannúighe an dream fuáir cuireadh shuipéir bhainnse a Nuáin. Agus a dubhairt riom, A síad so briathra fírinneach Dé.
10 Agus do thuit mé síos agá chosuibh chum a onóruighthe. Achd a dubhairt sé riom, Coimhéid nach *déuna tú sin:* as coimhshearbhfhoghantuighe dhuit mé, agus dod dhearbhráithribh agá bhfuil fíadhnuise Iósa aca: tabhair onóir do Dhía: óir a sí fíadhnuise Iósa spiorad na fáidheadóireachda.
11 Agus do chonnairc mé neamh osguilte, agus féuch each bán; agus a sé dob ainm don tí do bhí na shuidhe air Díleas agus Fírinneach, agus is do réir cheirt do ní breitheamhnus agus cosgadh.
12 Agus *bá* cosmhail a shúile ré lasair theineadh, agus *do bhádar* mórán coróineach ar a cheann; *agus* do bhí ainm sgríobhtha aige, nár baithne daóineach achd dó féin.
13 Agus é ar na éudughadh déudach do thomadh a bhfuil: agus a sé ainm ghoirthear dhe Bríathar De.

1 And after these things I heard a great voice of much people in heaven, saying, Alleluia; Salvation, and glory, and honour, and power, unto the Lord our God:
2 For true and righteous *are* his judgments: for he hath judged the great whore, which did corrupt the earth with her fornication, and hath avenged the blood of his servants at her hand.
3 And again they said, Alleluia. And her smoke rose up for ever and ever.

4 And the four and twenty elders and the four beasts fell down and worshipped God that sat on the throne, saying, Amen; Alleluia.

5 And a voice came out of the throne, saying, Praise our God, all ye his servants, and ye that fear him, both small and great.

6 And I heard as it were the voice of a great multitude, and as the voice of many waters, and as the voice of mighty thunderings, saying, Alleluia: for the Lord God omnipotent reigneth.
7 Let us be glad and rejoice, and give honour to him: for the marriage of the Lamb is come, and his wife hath made herself ready.
8 And to her was granted that she should be arrayed in fine linen, clean and white: for the fine linen is the righteousness of saints.

9 And he saith unto me, Write, Blessed *are* they which are called unto the marriage supper of the Lamb. And he saith unto me, These are the true sayings of God.
10 And I fell at his feet to worship him. And he said unto me, See *thou do it* not: I am thy fellowservant, and of thy brethren that have the testimony of Jesus: worship God: for the testimony of Jesus is the spirit of prophecy.

11 And I saw heaven opened, and behold a white horse; and he that sat upon him *was* called Faithful and True, and in righteousness he doth judge and make war.

12 His eyes *were* as a flame of fire, and on his head *were* many crowns; and he had a name written, that no man knew, but he himself.

13 And he *was* clothed with a vesture dipped in blood: and his name is called The Word of God.

14 Agus do leanadar slóigh neimhe é air éachuibh bána, ar na néudughadh do líneudach toghtha, gléigheal glan.
15 Agus tháinic cloidheamh géur dhá fháobhar amach as a bhéul, chum na gcineadhach do bhúaladh ris: agus do dhéunuidh sé a ríaghlughadh ré slait íaruinn: agus a se shaltras fá na chosaibh úmar fíona cúthuigh fheirge Dé Uilechumhachduigh.
16 Agus do bhí ainm sgríobhtha aige air a éudach agus air a shlíasaid, RI NA RIGHTHEADH, AGUS TIGHEARNA NA DTIGHEARNADH.
17 Agus do chonnairc mé aingeal áirighe na sheasamh sa ngréin; noch do éigh do ghúth árd, ag rádh ris na huile éunlaith do bhí ag eitealluigh a lár neimhe, Tigidh agus cruinnighthear sibh chum suipéir an Dé mhóir;
18 Chum féola ríghtheadh díthe dhíbh, agus féola árdchaiptíneadh, agus féola dhaóineadh cúmhachdach, agus féola each, agus an mharcshluáigh bhías orrtha, agus féola na nuile, *eidir* sháor agus dáor, eidir bheag agus mhór.
19 Agus do chonnairc mé an tainmhidhe, agus righthe na talmhan, agus a slóigh, ar na gcruinniughadh a bhfochair a chéile chum coguidh dhéunamh ris an tí do bhí ar muin a neich, agus ré na shlúagh.
20 Agus do gabhadh an tainmhidhe, agus na fáidh fallsa maille ris noch do rinne míorbhuileadh na fhíadhnuise, léur mheall sé an dream do ghabh comhartha a nainmhidhe chuca, agus tug onóir dhá iomháigh. Agus do teilgeadh íad ar áon beó a loch teineadh ar dearglasadh lé ruibh.
21 Agus do marbhadh an chuid eile ré cloidheamh an tí do bhí air muin a neich, tháinic amach as a bhéul: agus do sásadh na huile éunlaith ré na bhfeóil.

14 And the armies *which were* in heaven followed him upon white horses, clothed in fine linen, white and clean.
15 And out of his mouth goeth a sharp sword, that with it he should smite the nations: and he shall rule them with a rod of iron: and he treadeth the winepress of the fierceness and wrath of Almighty God.

16 And he hath on *his* vesture and on his thigh a name written, KING OF KINGS, AND LORD OF LORDS.

17 And I saw an angel standing in the sun; and he cried with a loud voice, saying to all the fowls that fly in the midst of heaven, Come and gather yourselves together unto the supper of the great God;

18 That ye may eat the flesh of kings, and the flesh of captains, and the flesh of mighty men, and the flesh of horses, and of them that sit on them, and the flesh of all *men, both* free and bond, both small and great.

19 And I saw the beast, and the kings of the earth, and their armies, gathered together to make war against him that sat on the horse, and against his army.

20 And the beast was taken, and with him the false prophet that wrought miracles before him, with which he deceived them that had received the mark of the beast, and them that worshipped his image. These both were cast alive into a lake of fire burning with brimstone.

21 And the remnant were slain with the sword of him that sat upon the horse, which *sword* proceeded out of his mouth: and all the fowls were filled with their flesh.

Caibidil 20

Sonas séunmhar na heagluise fhírinnigh ar an ttalamh, re aimsir fhada, tar éis sgrios na níodhal.

Chapter 20

1 Agus do chonnairc mé aingeal ag teachd a núas ó neamh, agá raibh éochar an phuill dubhaigein, agus slabhradh mór ann a láimh.
2 Agus rug sé ar an drágún, an seanathair nimhe, noch is Díabhal agus is Satán ann, agus do cheanguile sé é míle blíadhain,
3 Agus do theilg é sa bpoll dubhaigéin, agus do dhún, agus do chuir sé séula air, ionnus nach

1 And I saw an angel come down from heaven, having the key of the bottomless pit and a great chain in his hand.
2 And he laid hold on the dragon, that old serpent, which is the Devil, and Satan, and bound him a thousand years,
3 And cast him into the bottomless pit, and shut him up, and set a seal upon him, that he

meallfadh sé na cineadhacha ní sa mhó, go ccoimhlíonfuidh an míle blíadhan: agus na dhiáigh sin is éigean a sgaóileadh feadh aimsire aithghearra.

4 Agus do chonnairc mé cáthaóireacha, agus do shuigheadar *dream* ionnta, agus do tugadh breitheamhnus dóibh: agus *do chonnairc mé* anmanna na druinge do dícheannadh ar son fhiadhnuise Iosa, agus ar son bhreithre Dé, agus nach dtug onóir don nainmhidhe, ná dhá iomháigh, agus nár ghabh a chomhartha chuca a gcláruibh a néudan, ná na láimh; agus mairfid agus béid na ríoghuibh a bhfochair Chríosd míle blíadhuin.

5 Agus an chuid eile do na marbhuidh ní búdh béo íad a rís go criochnughadh an mhíle blíadhan. A sí só an chéud eiséirghe.

6 *Is* beannuighe agus is náomhtha an tí agá bhfuil cuid aige sa gcéud eiséirghe: óir ní bhfuil cúmhachda ag an dara bás orrtha so, achd béid síad na sagartuibh do Dhía agus do Chríosd, agus béid na ríoghuibh na fhochairsean míle blíadhuin.

7 Agus an tan chríochnóchar an míle blíadhan, sgaóilfighthear Satán as a phríosún,

8 Agus racha sé amach do mhealladh na gcineadhach noch atá a gceithre chorruibh na talmhan, Gog agus Magog, chum a gcnúsuigh a gceann a chéile chum catha; agá *bhfuil* a nuibhir amhuil ghaineamh na fairrge.

9 Agus do chúadar súas ar leithead na talmhan, agus do thimchiolladar campa na náomh, agus an chaithair ionmhuin: agus táinic teine a núas ó neamh ó Dhía, agus do shluig sí íad.

10 Agus do teilgeadh an díabhal do mheall íad a loch teineadh agus ruibhe, mar a *bhfuil* an beathach agus an fáidh fallsa, agus béid síad dá bpíanadh do ló agus doidhche go sáoghal na sáoghal.

11 Agus do chonnairc mé cathaóir mhór gheal, agus neach áirighe na shuidhe innte, agár theith talamh agus neamh roimhe; agus ní fríth a náit.

12 Agus do chonnairc mé na mairbh, eidír bheag agus mhór, na seasamh a bhfíadhnuise Dé; agus do hosgladh na leabhair: agus do hosgladh leabhar eile, eadhon *leabhar* na beatha: agus rugadh breath ar na mharbhaibh as na neithibh do bhí sgríobhtha sna leabhruibh, do réir a ngníomharthadh.

13 Agus tug an fhairrge uáithe na mairbh do bhí innte; agus tug an bás agus ifearn úatha na mairbh do bhí aca: agus rugadh breath orrtha fó leíth do réir a ngníomharthadh.

should deceive the nations no more, till the thousand years should be fulfilled: and after that he must be loosed a little season.

4 And I saw thrones, and they sat upon them, and judgment was given unto them: and *I saw* the souls of them that were beheaded for the witness of Jesus, and for the word of God, and which had not worshipped the beast, neither his image, neither had received *his* mark upon their foreheads, or in their hands; and they lived and reigned with Christ a thousand years.

5 But the rest of the dead lived not again until the thousand years were finished. This *is* the first resurrection.

6 Blessed and holy *is* he that hath part in the first resurrection: on such the second death hath no power, but they shall be priests of God and of Christ, and shall reign with him a thousand years.

7 And when the thousand years are expired, Satan shall be loosed out of his prison,

8 And shall go out to deceive the nations which are in the four quarters of the earth, Gog and Magog, to gather them together to battle: the number of whom *is* as the sand of the sea.

9 And they went up on the breadth of the earth, and compassed the camp of the saints about, and the beloved city: and fire came down from God out of heaven, and devoured them.

10 And the devil that deceived them was cast into the lake of fire and brimstone, where the beast and the false prophet *are*, and shall be tormented day and night for ever and ever.

11 And I saw a great white throne, and him that sat on it, from whose face the earth and the heaven fled away; and there was found no place for them.

12 And I saw the dead, small and great, stand before God; and the books were opened: and another book was opened, which is *the book* of life: and the dead were judged out of those things which were written in the books, according to their works.

13 And the sea gave up the dead which were in it; and death and hell delivered up the dead which were in them: and they were judged every man according to their works.

14 Agus do teilgeadh an bás agus ifearn a loch teineadh. A sé so an dara bás.
15 Agus gidh bé nar frith sgríobhtha a leabhar na beatha do teilgeadh é sa loch teineadh.

14 And death and hell were cast into the lake of fire. This is the second death.
15 And whosoever was not found written in the book of life was cast into the lake of fire.

Caibidil 21

Neamh núadh agus talamh núadh arson na bfirein.

Chapter 21

1 Agus do chonnairc mé neamh núadh agus talamh núadh: óir do chúaidh an céidneamh agus an céud thalamh thoruinn; agus ní raibh fairrge ann ní sa mhó.
2 Agus do chonnairc misi Eóin an chathair náomhtha, Ierusalem núadh, ag teachd o Dhía a núas ó neamh, ar na hullmhughadh amhuil ghléusas bean núadhphósda í féin fá chomhair a fir.
3 Agus do chúala mé gúth mór ó neamh ag rádh, Féuch, tabernacuil Dé ag daóinibh, agus do dhéunuidh seision comhnuidhe na bhfhochair, agus béid síadsan na bpubal aige, agus biáidh Día féin na bhfochairsion, *agus budh he* a Ndía.
4 Agus glanfuidh Día gach uile dhéor ó na súilibh; agus ní bhiáidh bás ann ní sa mhó, ná caói, ná éighmhe, agus ní bhiáidh sáothar ann ní sá mhó: óir do chúadar na céidneithe thoruinn.
5 Agus a dubhairt an tí do bhí na shuidhe sa gcathaóir, Féuch, do ním na huile neithe núadh. Agus a dubhairt sé ríom, Sgríobh: óir is fírinneach díleas na bríathrasa.
6 Agus a dubhairt sé riom, Atá sé déunta. As mise Alpha agus Oméga, an tosach agus an deireadh. Do bhéura mé don tí ar a bhfuil tart *ní ré ibhe* do thobar uisge na beatha a naisgidh.
7 An tí bheireas buáidh budh hoighre é ar an huile neithibh; agus biáidh mise um Dhía aige, agus biáidh seision na mhac agumsa.
8 Achd do gheabhuid na daóine meata, agus díchreidmheacha, agus gráineamhla, agus luchd dúnmharbhtha, agus adhaltrannuis, agus na bpiséog, agus a niodhaladhruigh, agus a nuile bhréugaire, a gcuid sa loch atá ar dearglasadh do theine agus do ruibh: noch is dara bás ann.
9 Agus táinic neach do na seachd nainglibh chugum agá rabhadar na seachd soithighe líonta do na seachd bplághuibh deigheanacha, agus do labhair sé riom, ag rádh, Gabh a leith, taisbéunfadsa dhuit an bhean núadhphósda, bean a Nuáin.

1 And I saw a new heaven and a new earth: for the first heaven and the first earth were passed away; and there was no more sea.
2 And I John saw the holy city, new Jerusalem, coming down from God out of heaven, prepared as a bride adorned for her husband.
3 And I heard a great voice out of heaven saying, Behold, the tabernacle of God *is* with men, and he will dwell with them, and they shall be his people, and God himself shall be with them, *and be* their God.
4 And God shall wipe away all tears from their eyes; and there shall be no more death, neither sorrow, nor crying, neither shall there be any more pain: for the former things are passed away.
5 And he that sat upon the throne said, Behold, I make all things new. And he said unto me, Write: for these words are true and faithful.
6 And he said unto me, It is done. I am Alpha and Omega, the beginning and the end. I will give unto him that is athirst of the fountain of the water of life freely.
7 He that overcometh shall inherit all things; and I will be his God, and he shall be my son.
8 But the fearful, and unbelieving, and the abominable, and murderers, and whoremongers, and sorcerers, and idolaters, and all liars, shall have their part in the lake which burneth with fire and brimstone: which is the second death.
9 And there came unto me one of the seven angels which had the seven vials full of the seven last plagues, and talked with me, saying, Come hither, I will shew thee the bride, the Lamb's wife.

10 Agus rug sé leis mé trés an sbioruid chum sléibhe móir áird, agus do thaisbéin sé dhamh an chathair mhór, Ierusalém náomhtha, ag teachd ó Dhía a núas as neamh,
11 Agá raibh glóir Dé: agus bá cosmhail an lonnradh do bhí innte ré chloich Iaspis, comhghlan ré Criosdal;
12 Agus do bhí balla mór árd aice, ar a rabhadar dha gheata dhéug, agus dhá aingeal déug ag na geataidhibh, agus anmanna sgríobhtha orrtha, eadhon *anmanna* dhá thréabh dhéug chloinne Isráel.
13 *Do bhádar* trí gheata don táobh shoir; trí gheata don táobh thuáigh; trí gheata don táobh theas; agus trí gheata don táobh shíar.
14 Agus do bhádar dhá fhonndameint déug ag balla na caithreach, agus iontasan anmanna dhá absdail déug a Nuáin.
15 Agus do bhí ag an tí do labhair riom giolcach órrgha, chum na caithreach agus a geatuigheadh, agus a balla do thomhas dó.
16 Agus do bhí an chathair ar na suighiughadh go ceathair uilleannach, agus dob ionann fad agus leithead di: agus do thomhais sé an chathair ris an ngiolcach, dhá mhíle dhéug sdáid. Agus is ionann fad agus leithead agus áirde dhi.
17 Agus do thomhais sé a bálla, céud *agus* ceathair air dhá fhichead chúbhad, *do réir* mhíosuir dhuine, eadhon, a naingil.
18 Agus is ré *cloich* Iaspis do tógbhadh súas a balla: agus *bá* hór glan an chathair féin, cosmhail ré gloine fíorghlan.
19 Agus *do bhádar* fonndameintíghe bhalla na caithreach ar na ndéunamh deaghmhaiseach ris a nuile gné chloch úasal. *Bá* Iaspis an céud fhundameint: Saphir, an dara *fonndameint;* Chalcédoin, an treas *fonndameint*; Smaragaid, an ceáthramhadh *fonndameint;*
20 Sardónics, an cuigeadh *fonndameint;* Sardinis, an seiseadh *fonndameint;* Chriosolit, an seachdmhadh *fonndameint;* Berill, an tochdmhadh *fonndameint;* Topáis, an náomhadh *fonndameint;* Chrisophrasuis, an deachmhadh *fonndameint;* Iácint, an táonughadh *fonndameint* déug; Ametist an dara *fonndameint* déug.
21 Agus *do bhádar* an dá gheata dhéug na ndá bpéurla dhéug; agus is déinphéurla *do rinneadh* gach geata dhíobh fó leith: agus *do bhí* sráid na caithreach na hór ghlan, amhuil gloine dheallruigheach.
22 Agus ní fhácuidh mé teampoll innte: óir a sé an Tíghearna Día Uilechumhachdach agus an Túan as teampoll di.

10 And he carried me away in the spirit to a great and high mountain, and shewed me that great city, the holy Jerusalem, descending out of heaven from God,
11 Having the glory of God: and her light *was* like unto a stone most precious, even like a jasper stone, clear as crystal;
12 And had a wall great and high, *and* had twelve gates, and at the gates twelve angels, and names written thereon, which are *the names* of the twelve tribes of the children of Israel:
13 On the east three gates; on the north three gates; on the south three gates; and on the west three gates.
14 And the wall of the city had twelve foundations, and in them the names of the twelve apostles of the Lamb.
15 And he that talked with me had a golden reed to measure the city, and the gates thereof, and the wall thereof.
16 And the city lieth foursquare, and the length is as large as the breadth: and he measured the city with the reed, twelve thousand furlongs. The length and the breadth and the height of it are equal.

17 And he measured the wall thereof, an hundred *and* forty *and* four cubits, *according to* the measure of a man, that is, of the angel.
18 And the building of the wall of it was *of* jasper: and the city *was* pure gold, like unto clear glass.
19 And the foundations of the wall of the city *were* garnished with all manner of precious stones. The first foundation *was* jasper; the second, sapphire; the third, a chalcedony; the fourth, an emerald;

20 The fifth, sardonyx; the sixth, sardius; the seventh, chrysolite; the eighth, beryl; the ninth, a topaz; the tenth, a chrysoprasus; the eleventh, a jacinth; the twelfth, an amethyst.

21 And the twelve gates *were* twelve pearls; every several gate was of one pearl: and the street of the city *was* pure gold, as it were transparent glass.

22 And I saw no temple therein: for the Lord God Almighty and the Lamb are the temple of it.

23 Agus ní ríachdanach air an ccathruighse grían, ná gealach dó shoillsiughadh innte: óir do shoillsigh glóir Dé í, agus a sé an Túan *is* solas di.
24 Agus siubhalfuidh na cineadhacha díobh ata slan ann a solais sin: agus béuruid ríghthe na talmhan a nglóir agus a nonóir chuice.
25 Agus ní dúnfuighthear a geatuidhe do ló: óir ní bhiáidh oidhche ann sin.
26 Agus béurthár glóir agus onóir na gcineadhach da hionnsuighe.
27 Agus ni racha a steach innte ní ar bíth neamhghlan, ná do ní gráineamhlachd, ná bréug: achd amháin an dream atá sgríobhtha a leabhar bheatha a Nuáin.

23 And the city had no need of the sun, neither of the moon, to shine in it: for the glory of God did lighten it, and the Lamb *is* the light thereof.

24 And the nations of them which are saved shall walk in the light of it: and the kings of the earth do bring their glory and honour into it.
25 And the gates of it shall not be shut at all by day: for there shall be no night there.
26 And they shall bring the glory and honour of the nations into it.
27 And there shall in no wise enter into it any thing that defileth, neither *whatsoever* worketh abomination, or *maketh* a lie: but they which are written in the Lamb's book of life.

Caibidil 22

Foillsiughadh pharrtháis neamhdha; 9 gan adhradh daingiol ar bith; agus comhdhúnadh an leabhair.

Chapter 22

1 Agus do thaisbéin sé dhamh srúth glan duisge na beatha, coimhdheallruigheach ré criosdal, ag teachd amach ó chathaóir Dé agus a Nuáin.
2 *Agus* a lár na shráide, agus ar gach táobh don tsrúth, *do bhí* crann na beatha, do bheireadh dhá thóradh dhéug úadh, agus do bheireadh a thóradh úadh gacha míos: agus *do fhoghain* duille an chroinnsin chum leighis na gcineadhach.
3 Agus ní bhiádh mallughadh ar bith ann ní sa mhó: achd biáidh cathaóir Dé agus a Nuáin innte; agus do dhéunuidh a shearbhfhoghantuigheadha seirbhís dó:
4 Agus do chífid síad a aghuidh; agus *biáidh* a ainm á gcláruibh a néudan.
5 Agus ní bhiáidh óidhche ann sin; agus ní bhfuil uireasbhuidh lóchruinn, ná solais gréine orrtha; óir do bheir an Tíghearna Día solas dóibh: agus béid síad na ríoghuibh go sáoghal na sáoghal.
6 Agus a dubhairt sé riom, *Is* díleas fírinneach na bríathrasa: agus do chuir an Tíghearna Día na bhfáidheadh náomhtha a aingeal úadh dfoillsiughadh dhá shearbhfhoghantuighibh féin na neithe is éigean do dhéunamh go haithghearr.
7 Féuch, tigim go lúath: *is* beannuighe an tí choimhéudas bríathra fáidheadoireachda an leabhairse.
8 Agus mise Eóin an tí do chonnairc, agus do chúaluidh na neithese. Agus an tan do chúala agus do chonnairc *íad*, do thuit mé síos chum

1 And he shewed me a pure river of water of life, clear as crystal, proceeding out of the throne of God and of the Lamb.

2 In the midst of the street of it, and on either side of the river, *was there* the tree of life, which bare twelve *manner of* fruits, *and* yielded her fruit every month: and the leaves of the tree *were* for the healing of the nations.

3 And there shall be no more curse: but the throne of God and of the Lamb shall be in it; and his servants shall serve him:

4 And they shall see his face; and his name *shall be* in their foreheads.
5 And there shall be no night there; and they need no candle, neither light of the sun; for the Lord God giveth them light: and they shall reign for ever and ever.

6 And he said unto me, These sayings *are* faithful and true: and the Lord God of the holy prophets sent his angel to shew unto his servants the things which must shortly be done.

7 Behold, I come quickly: blessed *is* he that keepeth the sayings of the prophecy of this book.
8 And I John saw these things, and heard *them*. And when I had heard and seen, I fell down to worship before the feet of the angel

sléuchdana do dhéunamh a bhfiadhnuise chos a naingil do fhoillsigh na neithese dhamh.
9 Achd a dubhairt sé riom, Seachuin thú ar *sin do dhéunamh*: óir is coimhshearbhfhoghantuighe dhuit mé, agus dod dhearbhráithribh ná fáidhibh, agus don druing choimhéudas bríathra an leabhairse: déun sléuchduin do Dhía.
10 A dubhairt se riom an tan sin, Ná séuluidh bríathra fáidheadóireachda an leabhairse: óir atá a naimsir a lathair.
11 An tí do ní éugcóir, déunadh eugcóir do ghnáth: agus an tí atá neamhghlan, bíodh neamhghlan do ghnáth: agus bíodh an firéun, firéunta do ghnáth: agus bíodh an náomh, naomhtha do ghnáth.
12 Agus, féuch, is gearr do dtiucfa mé; agus mo lúach sáothair agum, chum a thabhartha dá gach áon do réir mar bhías a ghníomh.
13 As misi Alpha agus Oméga, an tosach agus an deireadh, an chéidneach agus an neach deigheanach.
14 *As* beannuighe an dream choimhéudas a aitheanta, ionnus go mbíadh cumas chrainn na beatha aca, agus cumas dul a steach trés na geataidhibh don chathruigh.
15 Oír don táobh amuígh *béid* na madruigh, agus luchd na bpiseóg, agus a nadhaltrannuis, agus an dúnmharbhtha, agus a niodhaladhruigh, agus gach neach ghrádhuigheas agus do ní an bhréug.
16 Do chuir mise Iósa maingeal uáim chum fíadhnuise do dhéunamh dhíbhse ar na neithibhse sna heagluiseachuibh. Is mise fréumh agus slióchd Dháibhi, réult dheallruigheach na maidne.
17 Agus a deir an Sbiorad agus an bhean núadhphosda, Tárr. Agus abradh an tí chluin, Tárr. Agus tagadh an tí ar a bhfuil tart. Agus an tí ler ab áill, glacadh sé uisge na beatha a naisgidh.
18 Oír do ním dfiadhnuise dá gach áon dá gcluin bríathra faidheadóireachda an leabhairse, Dá gcuiridh éinneach tuilleadh ríu so, go gcuirfe Día airsean na plágha atá sgriobhtha sa leabharsa:
19 Agus dá mbeanuidh éinneach do bhríathruibh leabhair na fáidheadóireachdsa, beanfuidh Día a chuidsion as leabhar na beatha, agus as a gcathair náomhtha, agus as na neithibh atá sgríobhtha sa leabharsa.
20 A deir an tí do ní fíadhnuise na neitheannsa, Go deimhin is gearr go dtiucfa mé; Amén. Uime sin, tarr, a Thíghearna Iósa.

which shewed me these things.

9 Then saith he unto me, See *thou do it* not: for I am thy fellowservant, and of thy brethren the prophets, and of them which keep the sayings of this book: worship God.

10 And he saith unto me, Seal not the sayings of the prophecy of this book: for the time is at hand.
11 He that is unjust, let him be unjust still: and he which is filthy, let him be filthy still: and he that is righteous, let him be righteous still: and he that is holy, let him be holy still.

12 And, behold, I come quickly; and my reward *is* with me, to give every man according as his work shall be.
13 I am Alpha and Omega, the beginning and the end, the first and the last.

14 Blessed *are* they that do his commandments, that they may have right to the tree of life, and may enter in through the gates into the city.
15 For without *are* dogs, and sorcerers, and whoremongers, and murderers, and idolaters, and whosoever loveth and maketh a lie.

16 I Jesus have sent mine angel to testify unto you these things in the churches. I am the root and the offspring of David, *and* the bright and morning star.

17 And the Spirit and the bride say, Come. And let him that heareth say, Come. And let him that is athirst come. And whosoever will, let him take the water of life freely.

18 For I testify unto every man that heareth the words of the prophecy of this book, If any man shall add unto these things, God shall add unto him the plagues that are written in this book:

19 And if any man shall take away from the words of the book of this prophecy, God shall take away his part out of the book of life, and out of the holy city, and *from* the things which are written in this book.
20 He which testifieth these things saith, Surely I come quickly. Amen. Even so, come, Lord Jesus.

21 Grása ar Dtíghearna Iósa Críosd maille ribh uile. Amén.

21 The grace of our Lord Jesus Christ *be* with you all. Amen.